

## SA GHLUAISTEÁN Script 2

### Radharc 1: Sa ghluaisteán ag dul ar scoil.

Suíomh. Nain agus a dá garmhac ag fágaint an tí le dul isteach an ghluaisteán ar an slí ar scoil. Níl aon deabhadh orthu. Tá gach rud néata agus ceart ag na buachaillí. Tá siad ag feitheamh ag an ndoras le Nain.

*Nan and grandsons leaving the house getting into the car to get to school. They are not in a hurry. The boys have everything ready in a neat and tidy fashion. They are waiting at the door for their Nan.*

**Nain:** Raidht a leadanna. Táim ullamh. Seo linn. *Right boys. I'm ready. Let's go.*

**Tomás:** Tá go maith Nain. *Very well Nan.*

**Nain:** Tá fuílleach ama againn. Níl aon bhrú. *We have plenty of time. We're not under any pressure.*

**Tomás:** Tá fhios againn Nain. Ní thógfaidh sé ach naoi nóiméad taisteal ar scoil. Tá dóthain ama againn. *I know Nan. It only takes nine minutes to travel to school. We have enough time.*

**Nain:** Ana mhaith. An bhfuil an glas ar an ndoras nó ar fhágas an gluaisteán gan glas an oíche ar fad?  
*Very well. Is the car door locked or did I leave the car unlocked all night?*

**Ruán:** Tá sé faoi ghlas Nain. *It's locked Nan.*

**Brúann Nain an eochair leis an doras a oscailt fé mar a bheadh slaitín draíochta.**

*Nan presses the key to unlock the car door as though it were a magic wand.*

**Nain:** Anois.... oscailte! *Now...open!*

**Osclaíonn Nain an doras don leanbh. Isteach leis. Ansin suíonn sí féin isteach sa ghluaisteán ansan. *Nan opens the door for the child. In he goes. She then sits into the car herself.***

**Nain:** Raidht a leadanna cuirig oraibh bhur gcrios sábhála. *Right boys, put your safety belts on.*

**Tomás:** Tá sé orm! Ullamh agus réidh Nain. *Already on! Ready to go Nan.*

**Nain:** **An bhfuil bhur mbosca lón agaibh?** *Do you have your lunch box?*

**Tomás:** Tá. Inniu Dé Máirt. Beidh lón againn ar a 11 a chlog. Íosfaidh mé an piorra agus na rísíní i dtosach. Beidh lón mór ag a leath uair tar éis a dó dhéag. Ansan íosfaidh mé mo cheapaire agus ólfaidh mé m'uisce.

*Yes. Today is Tuesday. We will have break time at 11 o'clock. I will eat my pear and raisins first. Lunch time will be at half past two. I will eat my sandwich and drink my water*

Ar chuimhnigh tú ar na crústaí a bhaint dem cheapaire a Nain?

*Did you remember to cut the crusts off my sandwich Nan?*

**Nain:** Dheineas gan dabht a pheata agus ná dearúd an ciste a dheineamar inné!

*Of course, sweetheart, and don't forget the cake we baked yesterday!*

**Féachann Tomás ar Nain agus ansan féachann sé amach an fhuinneog arís gan aon rud a rá.**

**Níl aon bhogadh ina aghaidh, déanann sé a chaincín a thochas. Tá a fhios a Nain go**

**bhfuil siad ana shásta nuair a dhéanann sé é seo.**

**Bíonn miongháire le feiscint arís ar aghaidh Nain.**

**Tá siad ullamh le h-imeacht.**

***Tomás and Ruán look at their grandmother and then***

***they rub their noses. Their grandmother knows that they're***

***happy when they do this. A smile appears on her face again. They are ready to go.***

**Nain:** An bhfuil bhur gcrios sábhála oraibh?

*Have you got your belts on?*

**Ruán:** Gan dabht tá. An bhfuil do chrios sábhála ortsa Nain?  
*Of course. Do you have your safety belt on Nan?*

**Nain:** Ormsa leis a Ruáin. *Me too Ruán*

**Nain:** Ullamh? *Ready?*

**Féachann Tomás ar a uaireadoir.**

**Tomás:** Ullamh a Nain. *Ready Nan.*

**Nain:** An mbeidh Múinteoir Bríd ag léamh scéal Orla Uan inniu?  
*Will teacher Bríd be reading Orla Uan today?*

**Tomás:** Sin an leabhar is fearr liom agus dúirt sí go léifeadh sí an leabhar is fearr liomsa inniu. Ciallaíonn sé sin go mbeidh sí ag léamh an leabhar Orla Uan. Táim ana shásta mar gheall ar sin. *That's my favourite book and she said she'd read my favourite book today. Therefore she'll be reading Orla Uan today. I'm very happy about that.*

**Nain:** Ó sin go maith. **Bain súp as** a stór. *Oh that's good. Enjoy dear.*

**Tomás:** Bainfidh. *I will.*

**Nain:** B'fhéidir go gcífimis roinnt uain ins na páirceanna ar an tslí ar scoil. *We might see some lambs in the fields on the way to school.*

**Tomás:** Ba chóir duit do dhá shúil a choimeád ar an mbóthar a Nain. *You should keep your eyes on the road Nan.*

**Nain:** Tá an ceart ar fad agat a Thomáis, ach táim in ann é a dhéanamh i slí sábhálta.  
*Absolutely right Tomás, but I can do it safely.*

Cuirfidh mé geall leat go mbeidh na huain le feiscint i bpáirc an fheirmeora Uí Shé.  
*I bet you the lambs will be to be seen in O' Shea's farm.*

**Tomás:** **An raibh a fhios agat** Nain gur féidir le gach caoire a n-uain féin a aithint tríd iad a bheith ag méileach. Fiú dá mbeadh sí dall, d'aithneodh sí a h-uan féin.

*Nan, did you know that each lamb has a specific bleat, so that the sheep can identify her lamb from their bleating. Even if she were blind she would recognise her own lamb.*

**Nain:** Ní raibh fios san agam a Thomáis. Ach is dócha go ndeineann sé ciall, mar d'aithneoinnse sibhse le bhur nguth in aon áit. Fiú dá mbeinn dall.

*I didn't know that Tomás. I suppose it makes sense. I'd recognise your voice anywhere. Even if I were blind.*

**Déanann Tomás a chaincín a thochas arís agus é ag féachaint amach an fhuinneog. Tá gach rud i gceart. Féachann Nain sa scáthán agus arís tá miongháire ar a haghaidh.**

***Tomás scratches his nose again and he looks out the window. Everything is right. Nan looks in the rear view mirror and again she smiles.***

**Nain:** Ó féach ansan iad a Thomáis! Táid ag pocléimrigh sa ghort. Nach deas!

*Look Tadhg! There they are! They are hopping and jumping in the field. Isn't that nice!*

**Tomás:** Chím iad a Nain. An féidir linn cuairt a thabhairt orthu tar éis scoile? Roimh an tsuipéar?

*I see them Nan. Can we visit them later after school? Before supper?*

**Nain:** Gan dabht! *Of Course!*

**Gan mhoill tá siad ag an scoil. Tarraingíonn Nain suas i spás páirceála lasmuigh den scoil.**

**Casann sí timpeall le féachaint ar na buachaillí.**

***Very soon they arrive at school. Nan pulls up at a parking space outside the school.***

***She turns to look at the boys.***

**Nain:** **Tá sé tarraingthe againn.** Tá súil agam go mbeidh lá ana dheas ar scoil inniu agaibh!

*Right! We made it! I hope you have a lovely day dear.*

**Déanann sí a caincín a thochas. Agus déanann na buachaillí an rud céanna thar nais leí. *She rubs her nose and the boys do the same back.***

Tomás: Chífidimid tú ag 2.50. Slán.  
We'll see you at 2.50. Goodbye

Nain: Slán libh a pheataí. Grá mór.  
Bye darlings. Big Love.

### Gluais/Glossary

<b>Táim ullamh.</b>	<b>I'm ready.</b>
<b>Seo linn.</b>	<b>Let's go!</b>
<b>Tá go maith.</b>	<b>Very well.</b>
<b>Tá fuílleach ama againn.</b>	<b>We have plenty of time.</b>
<b>Níl aon bhrú.</b>	<b>There's no pressure.</b>
<b>An bhfuil bhur gcrois sábhála oraibh?</b>	<b>Do you have your safety belt on?</b>
<b>An raibh fhios agat?</b>	<b>Did you know?</b>
<b>An bhfuil bhur mbosca lóin agaibh?</b>	<b>Do you have your lunch box?</b>
<b>Bain súp as!</b>	<b>Enjoy!</b>
<b>Tá sé tarraingthe againn.</b>	<b>We've reached our destination!</b>
<b>Slán libh a pheataí.</b>	<b>Goodbye pets.</b>
<b>Grá mór.</b>	<b>I love you.</b>